Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 19

Ag seo thíos roinnt nótaí i dtaobh an téacs a bhí le cur in eagar.

Tá uisce ar na hacmhainní[1] is luachmhaire atá againn. Cruthaíodh ár dtírdhreach as,[2] tógadh ár gcathracha bunaithe air,[3] chosain sé ár sláinte[4] agus cuireadh lenár bhforbairt eacnamaíochta mar gheall air.[5]

Caomhnú uisce a fheabhsú

Déanfaidh do mhéadar líon uisce a sholáthraítear chuig do bhaile a thaifeadadh,[6] rud a chuirfidh ar do chumas do thionchar ar an gcomhshaol[7] a íoslaghdú.

Obair le chéile le seirbhísí uisce inbhuanaithe don todhchaí a chinntiú[8]

Trí uisce níos lú[9] a chur amú, níos lú truaillithe, níos mó athúsáide, bainistíocht éifeachtach, infheistíocht chríonna agus éifeachtúlacht níos fearr i ngach úsáid uisce – tá an poitéinseal ag Éirinn a bheith ar na tíortha is athléimní[10] ar fud an domhain ó thaobh uisce de. Táimid ag tús turas fada, agus beidh orainn tú a bheith ag obair linn[11] le cinntiú go mbeidh seirbhísí uisce inbhuanaithe againn sa todhchaí. Chuige sin, tá do rannpháirtíocht[12] ag teastáil uainn maidir le méadrú, agus billeáil sa deireadh.[13] Le chéile, is féidir linn an acmhainn luachmhar seo a fheabhsú agus a dhaingniú,[14] acmhainn atá[15] ríthábhachtach i saol sóisialta agus eacnamaíoch an náisiúin seo sna blianta fada atá romhainn.[16]

Nótaí tráchta

1. *Tá uisce ar na hacmhainní is luachmhaire*... Níl sé sin mícheart ach is mó a bheifí ag súil le 'Tá uisce ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire...'

2. *Cruthaíodh ár dtírdhreach as*... Is aistriúchán ródhílis ar fad é sin ar *it has shaped our landscape*. Tá sé míloighciúil amach is amach a mhaíomh go ndearnadh tírdhreach d'uisce.

3. *tógadh ár gcathracha bunaithe air*... Iarracht chun *it dictated the location of our cities* a aistriú. Arís, b'ait leat cathracha a bheith 'bunaithe' ar uisce – amach ón Veinéis, ar ndóigh!

4. *chosain sé ár sláinte*... Is ait liom a leithéid de ghníomh a chur i leith uisce. Locht eile ná gur úsáideadh an aimsir chaite – an é go bhfuil deireadh le cosaint?

5. *cuireadh lenár bhforbairt eacnamaíochta mar gheall air*. Moladh lag go leor, shílfeá. Is mór idir sin agus *it fuelled our economic development*.

6. *Déanfaidh do mhéadar líon uisce a sholáthraítear chuig do bhaile a thaifeadadh*...Is abairt thar a bheith ciotach í sin. Shílfeá gur cineál ar leith méadair atá sa 'méadar líon uisce'. Tar éis tamaill, seans go dtuigfeadh an léitheoir gur méadar é seo a choinneoidh taifead ar 'líon uisce ' ach ní hé 'líon' an focal ceart. Féach LÍON/MÉID sa bhunachar Cruinneas. B'ait leat

fosta ‘uisce a sholáthraítear chuig do bhaile’, cé go dtuigfeá a bhrí ach a aistriú ar ais go Béarla.

7. *do thionchar ar an gcomhshaol*...Is gnách ‘comhshaol’ a úsáid i gciall theibí agus ‘timpeallacht’ a úsáid ag trácht ar uisce, aer, talamh srl. Féach COMHSHAOL / IMSHAOL / TIMPEALLACHT sa bhunachar Cruinneas.

8. *Obair le chéile le seirbhísí uisce inbhuanaithe don todhchaí a chinntiú*...Tá sé cruinn ó thaobh na gramadaí de, ach tá blas láidir aistriúcháinise air. Le fírinne, táthar ag iarraidh a chinntiú go mbeidh seirbhísí uisce inbhuanaithe ann seachas na seirbhísí sin ‘a chinntiú’.

9. *uisce níos lú*... Is ionann é sin agus uisce nach bhfuil chomh mór le huisce eile.

10. *ar na tíortha is athléimní*... Míthuiscint iomlán ar chiall an fhocail Bhéarla *resilient*. Tá ‘athléimneach’ ag teacht leis an sainmhíniú seo in *Collins English Dictionary*: ‘capable of regaining its original shape or position after being disturbed’. Ní hé sin atá i gceist, ach cumas na hÉireann a hacmhainní uisce féin a thabhairt slán.

11. *beidh orainn tú a bheith ag obair linn*... Nach bhfuil dóthain drochphoiblíochta faighte ag Uisce Éireann gan tabhairt ar chustaiméir bheith ag obair dóibh?

12. *tá do rannpháirtíocht ag teastáil uainn*... Participation atá sa Bhéarla, ach ní mheasaim gur na custaiméirí a bheith ‘rannpháirteach’ atá i gceist. A gcabhair a theastaíonn, nó, ar a laghad, nach gcuirfidís i gcoinne na hoibre.

13. *maidir le méadrú, agus billeáil sa deireadh...* Chuathas in abar i bhfriotal an Bhéarla: *metering, registration, and eventually billing*. Féach gur fágadh *registration* gan aistriú. Ceist eile ar fad ar cheart ‘billeáil’ a scríobh seachas leagan timchainteach mar ‘billí a réiteach’.

14. *an acmhainn luachmhar seo a fheabhsú agus a dhaingniú...* Ag Dia atá a fhios cad é mar is féidir uisce a dhaingniú.

15. *atá ríthábhachtach*...B’ait leat an aimsir láithreach ‘tá’ a úsáid chun tagairt don am atá le teacht.

16. *sna blianta fada atá romhainn*...Ní chuirfeadh sé sin a dhath i gcuimhne duit ach ráiteas duine i dtosach tréimhse fhada i bpríosún.

Athleagan samplach

Tá uisce ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá againn. Uisce a mhúnlaigh an tírdhreach. Taobh le huisce a tógadh na cathracha. Bíonn sláinte na ndaoine, agus forbairt an gheilleagair, ag brath ar uisce.

Uisce a chaomhnú go héifeachtach

An uair amháin a bheidh méadar uisce feistithe i d'áit chónaithe, coinneoidh sé taifead ar an méid uisce a bhíonn á sholáthar ann, ar shlí a thabharfaidh léargas ar an úsáid a bhaineann an teaghlach as uisce agus a chabhróidh libh laghdú ar thionchar an teaghlaigh ar an timpeallacht.

Ag obair le chéile chun a dheimhniú go mbeidh seirbhísí inbhuanaithe uisce ann

D'fhéadfadh Éire a bheith ar cheann de na tíortha is seasmhaí ar domhan ó thaobh acmhainní uisce de, má éiríonn linn truailliú agus diomailt uisce a laghdú, athúsáid uisce a mhéadú, acmhainní uisce a bhainistiú go héifeachtach, infheistíocht chríonna a dhéanamh agus a bheith níos éifeachtúla i ngach gné dár n-úsáid uisce. I dtús aistear fada atáimid, agus beimid ag brath oraibhse cabhrú linn chun a dheimhniú go mbeidh seirbhísí uisce inbhuanaithe ann san am atá romhainn.

Chuige sin beimid ag brath ar bhur gcaoinchabhair nuair a bheidh clárú ar siúl, méadair á bhfeistiú agus, faoi dheireadh, billí á réiteach. Is féidir linn, ach cur chuige le chéile, feabhas a chur ar úsáid na hacmhainne ríluachmhaire seo a bhfuil saol sóisialta agus eacnamaíoch an náisiúin ag brath uirthi anois agus feasta.